**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1280 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30 Aibreán 2024**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha dódamorf, eistir mheitile d'aigéid shailleacha C8-C10, aigéad lárach, ochtánóáit mheitile, deacanóáit mheitile, aigéad oiléach agus *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál IMI 206040**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, meastar na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([2]) a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Liostaítear na substaintí sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Is é sin an cás maidir leis na substaintí gníomhacha dódamorf, eistir mheitile d'aigéid shailleacha C8-C10, aigéad lárach, ochtánóáit mheitile, deacanóáit mheitile, aigéad oiléach agus *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál IMI 206040.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 ón gCoimisiún ([4]), cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí dódamorf go dtí an 30 Samhain 2026 agus go dtí an 15 Nollaig 2024 i gcás an ghrúpa substaintí aigéid shailleacha C7-C20, lena gcumhdaítear eistir mheitile d'aigéid shailleacha C8-C10, aigéad lárach, ochtánóáit mheitile, deacanóáit mheitile agus aigéad oiléach, ar chomhlíonadh bhearta an nós imeachta atá fós le déanamh chun formheas na substaintí gníomhacha sin a athnuachan.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún ([5]), cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) go dtí an 15 Aibreán 2025 ar na cúiseanna céanna.

---

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/414/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha eistear meitile 2,5-aigéid dhéchlóraibeansóch, aigéad aicéiteach, sulfáit amóiniam alúmanaim, foisfíd alúmanaim, sileacáit alúmanaim, cairbíd chailciam, ciamocsainil, dódamorf, eitiléin, úsc as crann tae, iarmhair ó dhriogadh saille, aigéid shailleacha C7 go C20, floiniocaimíd (IKI-220), aigéad gibriline, gibrilíní, halasulfúrón-meitil, próitéiní hidrealaithe, sulfáit iarainn, foisfíd mhaignéisiam, maltaideistrin, meitimíotrón, olaí planda/ola clóibh, olaí planda/ola ráibe, olaí planda/ola cartlainne garraí, comhdhúile pireatraim, sulcaitrí-ón, teabúconasól agus úiré (IO L 178, 13.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1446/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/689 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis an síneadh ar thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha Bacillus subtilis (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, fospeiceas Aizawai de Bacillus thuringiensis tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, fospeiceas Israeliensis (séiritíopa H-14) de Bacillus thuringiensis tréithchineál AM65-52, fospeiceas Kurstaki de Bacillus thuringiensis tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, Beauveria bassiana tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafop, Cydia pomonella Granulovirus (CpGV), ciopróidínil, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, pirimeacarb, piridibein, pirimeiteanail, riomsulfúrón, spionasad, Trichoderma asperellum (ar a dtugtaí T. harzianum roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, Trichoderma atroviride (ar a dtugtaí T. harzianum roimhe seo) tréithchineál T11, Trichoderma gamsii (ar a dtugtaí T. viride roimhe seo) tréithchineál ICC080, Trichoderma harzianum tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, tríchlóipir, tríneicseapac, tríthiaconasól agus sioram (IO L 91, 29.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/689/oj).

(5) I measc an ghrúpa substaintí aigéid shailleacha C7-C20, níor cuireadh isteach aon iarratas ar fhormheas na substaintí gníomhacha aigéad lárach, ochtánóáit mheitile, deacanóáit mheitile, aigéad oiléach a athnuachan, agus níor cuireadh isteach aon sainchomhad forlíontach maidir leis an tsubstaint ghníomhach eistir mheitile d'aigéid shailleacha C8-C10 a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún ([6]).

(6) Níor cuireadh isteach aon iarratas ar thréithchineál MI 206040 de *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740.

(7) I gcás na substainte gníomhaí dódamorf, an 18 Nollaig 2023 dheimhnigh an t-iarratasóir nach dtacaíonn sé a thuilleadh leis an iarratas ar an bhformheas a athnuachan.

(8) Dá bhrí sin, níl bonn cirt a thuilleadh go bhfuil tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sin fós sínte. Dá bhrí sin, ba cheart dáta éaga nua a shocrú ar an dáta is luaithe is féidir, agus am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit a n-údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí a bhfuil na substaintí sin iontu a tharraingt siar.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana le haghaidh substaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1740/oj).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 204, Trichoderma atroviride (ar a dtugtaí T. harzianum roimhe seo):

| Uimh. | Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht ([1]) | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '204 | Trichoderma atroviride (ar a dtugtaí T. harzianum roimhe seo) | | | | | |
| | TRÉITHCHINEÁL: T11<br>Bailiúchán saothrán: Uimh.<br>Bailiúchán na Spáinne de shaothráin tíopaí CECT 20498, díreach comhionann le IMI 352941 | Ní bhaineann le hábhar | Gan eisíontas ábhartha | 1 Bealtaine 2009 | 15 Aibreán 2025 | CUID A<br>Ní fhéadfar ach úsáidí mar fhuingicíd a údarú.<br>CUID B<br>Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na dtuarascálacha athbhreithniúcháin maidir le Trichoderma harzianum T-22 (SANCO/1839/2008) agus ITEM 908 (SANCO/1840/208) faoi seach, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II díobh, arna dtabhairt chun críche sa Bhuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe.<br>Áireofar ar na coinníollacha úsáide, i gcás inarb iomchuí, bearta maolaithe riosca.' |
| | TRÉITHCHINEÁL: IMI 206040 - Bailiúchán saothrán Uimh. IMI 206040, ATCC 20476 | Ní bhaineann le hábhar | Gan eisíontas ábhartha | 1 Bealtaine 2009 | 31 Lúnasa 2024 | |

([1]) Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 230, Aigéid shailleacha C7 go C20:

| Uimh. | Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht [1] | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '230 | Aigéid shailleacha C7 go C20 | | | | | |
| | Uimh. CAS 112-05-0 (Aigéad Peileargónach)<br>67701-09-1 (Aigéid shailleacha C7-C18 agus salainn photaisiam neamhsháithithe C18)<br>124-07-2 (Aigéad Capraileach)<br>334-48-5 (Aigéad Caprach) | Aigéad naonánóch<br>Aigéad Capraileach, Aigéad Peileargónach, Aigéad Caprach, Aigéad Lárach, Aigéad Oiléach (ISO i ngach cás)<br>Aigéad Ochtánóch, Aigéad Naonánóch, Aigéad Deacanóch, Aigéad Dóideacanóch, Aigéad cis-9-Ochtaideicéanóch (IUPAC i ngach cás))<br>Aigéid shailleacha C7-C10, Eistir Mheitile | ≥ 889 g/kg (Aigéad Peileargónach)<br>≥ 838 g/kg aigéid shailleacha<br>≥ 99 % eistir mheitile aigéid shailligh | 1 Meán Fómhair 2009 | 15 Nollaig 2024 | CUID A<br>Ní fhéadfar ach úsáidí mar fheithidicíd, acairicíd, agus luibhicíd agus rialaitheoir fáis plandaí a údarú.<br>CUID B<br>Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir le haigéid shailleacha (SANCO/2610/2008) agus go háirithe Foscríbhinní I agus II de, arna dtabhairt chun críche sa Bhuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe.<br>Áireofar ar na coinníollacha úsáide, i gcás inarb iomchuí, bearta maolaithe riosca.' |
| | 143-07-7 (Aigéad Lárach)<br>112-80-1 (Aigéad Oiléach)<br>85566-26-3 (Eistir Mheitile)<br>111-11-5 (Ochtánóáit mheitile)<br>110-42-9 (Deacanáit mheitile)<br>Uimh. CIPAC: gan aon uimhir sannta | Aigéad naonánóch<br>Aigéad Capraileach, Aigéad Peileargónach, Aigéad Caprach, Aigéad Lárach, Aigéad Oiléach (ISO i ngach cás)<br>Aigéad Ochtánóch, Aigéad Naonánóch, Aigéad Deacanóch, Aigéad Dóideacanóch, Aigéad cis-9-Ochtaideicéanóch (IUPAC i ngach cás))<br>Aigéid shailleacha C7-C10, Eistir Mheitile | ≥ 889 g/kg (Aigéad Peileargónach)<br>≥ 838 g/kg aigéid shailleacha<br>≥ 99 % eistir mheitile aigéid shailligh | 1 Meán Fómhair 2009 | 31 Lúnasa 2024 | |

[1] Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

(3) i ró 264, Dódamorf, sa séú colún, 'Dul in éag an fhormheasa', cuirtear '31 Lúnasa 2024' in ionad an dáta.